

An Gnáthrud

An Scríbhneoir

Déirdre Ní Ghrianna

Rugadh i mBéal Feirste í. Baineann a cuid gearrscéalta le saol Chathair Bhéal Feirste i gcoitinne. Tá béim ar leith ina saothar ar shaol na mban. Rinne sí cúrsa iriseoireachta. Is iriseoir anois í leis an *West Belfast Observer*. Tá sí pósta le cúigear clainne. Gearrscéalta réalaíocha nua-aimseartha a scríobhann sí. Baineann siad stad as an léitheoir go minic.

Achoimre ar an ngearrscéal

Oíche Dé hAoine bhí Jimmy ag ól piontaí lena chairde sa teach tábhairne i mBéal Feirste. Thuig sé go mbeadh Sarah, a bhean chéile, ag iarraidh na páistí a chur a luí. Bheadh John, an páiste ba shine acu, agus é ceithre bliana d'aois, ag cur in éadan Sarah ach ní raibh aon amhras go mbeadh an bua aici faoi dheireadh.

Nuair a tháinig an cúpla ar an saol sé mhí ó shin bhí cúrsaí dian go leor sa bhaile agus bhraith Jimmy ciontach as a bheith sa teach tábhairne ach níor theastaigh óna bhean go mbeadh daoine a rá go raibh sé faoi shlat aici mura ligfí ann é.

Fear measartha ba ea é i gcúrsaí óil agus b'fhearr leis an chraic agus an chuideachta ná an t-ól féin. Mura bhfillfeadh sé roimh a deich a chlog bheadh Sarah ar buile. Bhí sé i gceist aige bualadh isteach go dtí an Jasmine Palace ar a bhealach abhaile agus curaí agus *chop suey* a cheannach dóibh beirt.

Cheannaigh Jimmy deochanna dá chairde. Thuig sé go mbeadh a chara Billy sa bheár go gcaithfí amach é. Bhí seisean ag ceiliúradh breith gharmhic nua agus d'fhág sin go raibh sé ag déanamh failí ina chuid oibre. Bhí an *gaffer* míshásta faoin dóigh a raibh sé ag leagan na mbrící. B'éigean do Jimmy tarrtháil a dhéanamh air.

Chonaic Jimmy na pótairí céanna 'greamaithe' de na stólta sa bheár agus níor thuig sé cén fáth nach rachaidís abhaile. Bhí an t-ádh leis féin mar bhí bean agus páistí aige agus teach deas cluthar. Níor thug siad ach ceithre mhíle punt air don *Housing Executive* agus, cé nach raibh ann ach ballóg ar dtús, chuir siad deis air diaidh ar ndiaidh.

Thóg sé bunús bliana é seo a dhéanamh ach anois de bharr obair Sarah, bhí barr feabhais air. Bhí Jimmy ag tnúth le hoíche Shathairn nuair a bheadh seans aige agus ag Sarah teannadh le chéile ar an tolg ag amharc ar *video* agus ag ól buidéal fíona. Bhí sé ag tnúth freisin lena pháistí Elizabeth agus Margaret a theannadh lena chroí agus éisteacht leo ag plobaireacht.

Bhí triúr nó ceathrar de dhéagóirí istigh sa Jasmine Palace agus iad ar meisce ar fhíon úll. D'ordaigh Jimmy 'an gnáthrud', curaí dó féin agus *chop suey* do Sarah. Luaigh Jimmy le Liz, a bhí ag freastal air sa chaife beir leat, go raibh deifir air abhaile chun a pháistí a fheiceáil. Thuig sé láithreach ansin gur mhúscail a chuid briathra an tseanchuimhne nimhneach in aigne Liz mar gur thréig a buachaill í agus d'fhág le hiníon óg í. Tháinig náire ar Jimmy agus briseadh ar an teannas nuair a d'iarr duine

de na déagóirí mionairgead briste air. Thug sé an t-airgead dó agus d'imigh an déagóir chun iasc, sceallóga agus curaí a cheannach. Chuala sé caint gháirsiúil na ndaoine óga agus dhruid sé a chluasa ina n-éadan.

Amuigh sa tsráid bhí an oíche iontach fuar. Chuir sé an mála bia taobh istigh dá chasóg len é a choinneáil te. Shamhlaigh sé an craos tine sa teallach agus na plátaí agus na foirc

leagtha amach ar an mbord. Shamhlaigh sé gruaig chatach bhán a mhná agus shantaigh í níos mó ná riamh. Níor chuala sé an carr gan solas a bhí ag tarraingt air sa dorchadas. Ní fhaca sé an splanc solais nuair a scaoil stócach urchar leis a shíob leath a chloiginn de Jimmy agus a d'fhág ina luí ar an tsráid reoite é. Bhí a chuid fola ag meascadh lena raibh de bhia sna boscaí.

Aistriúchán ar an achoimre

On Friday night Jimmy was drinking pints with his friends in the pub in Belfast. He knew his wife, Sarah, would be trying to put the children to bed. John, the eldest child, who was four years of age, would be pulling against Sarah but, no doubt, she would get the upper hand, eventually.

When the twins were born six months ago things had been quite difficult at home and Jimmy felt guilty for being in the pub but his wife didn't want it said that he was under her thumb if he hadn't been let out.

He was a moderate drinker and he preferred the crack and the company to the drinking itself. If he didn't return by ten Sarah would be furious. He intended to drop into the Jasmine Palace on his way home and pick up a curry and chop suey for them both.

Jimmy bought drinks for his friends. He knew Billy would be in the bar until he was thrown out. He was celebrating the birth of a new grandson and this meant he'd been neglecting his work. The gaffer had been unhappy at the way he'd been bricklaying. Jimmy had to rescue him.

Jimmy saw the drinkers glued to their barstools and he couldn't understand why they wouldn't go home. He himself was

lucky to have a wife and family and a cosy house. They'd only given £4,000 to the Housing Executive and, although it was initially a ruin, they'd done it up gradually.

This took the best part of a year but now, thanks to Sarah's efforts, it had been perfected. Jimmy was looking forward to Saturday night when he and Sarah could snuggle up on the couch to watch a video and drink a bottle of wine. He was also looking forward to hugging his children Elizabeth and Margaret to his heart and listening to their babbling.

There were three or four teenagers in the Jasmine Palace and they were drunk on cider. Jimmy ordered 'the usual', a curry for himself and chop suey for Sarah. Jimmy mentioned to Liz, who was serving in the takeaway café that he was in a hurry home to see his children. He immediately realised that his words had awoken a painful old memory for Liz because her boyfriend had deserted her and left her with a young daughter. Jimmy felt embarrassed but the tension was broken when one of the teenagers asked him for small change. He gave it to him and the teenager went off to buy curry and chips. He heard the vulgar language of the young people and he shut his ears.

Out on the street the night was freezing. He put the food inside his jacket to keep it warm. He imagined the roaring fire in the hearth and the plates and forks laid out on the table. He imagined his wife's blonde curly hair and he desired her more than ever. He did not hear the car with its lights

out which was creeping up on him in the darkness. He did not see the flash when a young man fired a shot at him which blew away half his skull and left him lying on the frozen street. His blood was mingling with the food in the boxes.

GLÉASPHOINTÍ



- Gearrscéal nua aimseartha atá sa scéal seo.
- Tá sé suite i mBéal Feirste le linn na dTrioblóidí.
- Baineann sé le lánúin óg a bhfuil triúr páistí acu.
- Is beag eolas a thugtar don léitheoir ach amháin ainmneacha na lánúine, Jimmy, Sarah agus a bpáistí, John, Margaret agus Elizabeth. Ní thugtar a sloinne dúinn.
- Is cosúil gur Protastúnaigh an lánúin ó ainmneacha a bpáistí.
- Aimsíonn an scríbhneoir uafás na huairé (*the horror of the times*) agus baintear stad as an léitheoir ag deireadh an ghearrscéil.
- Cé go bhfuil Jimmy go sona sásta sa ghearrscéal maraítear go brúidiúil é faoi dheireadh.
- Is beag comhrá atá sa ghearrscéal ach amháin sa bheár. Tá cur síos ar smaointe Jimmy sa ghearrscéal.

Cineál scéil

Is gearrscéal nua-aimseartha an scéal seo. Baineann na heachtraí le saol na cathrach le linn na dTrioblóidí. Tá na himeachtaí sochreidte ann. Tá na pearsana sochreidte ann freisin. Deir an scríbhneoir mórán i mbeagán focal.

Príomhimeachtaí

- ⊙ Bhí Jimmy ag ól lena chairde sa bheár i mBéal Feirste, oíche Dé hAoine.
- ⊙ Bhraith sé ciontach mar bhí a bhean chéile Sarah sa bhaile lena dtriúr páistí agus bheadh sé deacair an mac ba shine a chur a luí.
- ⊙ Bhí Sarah sásta é a ligean amach. Bean réasúnta ba ea í ach b'fhearr le Jimmy an comhlúadar nó an t-ól féin.
- ⊙ Níor fhan Jimmy i bhfad ag ól mar bhí sé chun curaí agus *chop suey* a bhreith abhaile dá bhean.
- ⊙ Fear mór óil ba ea a chara Billy. Bhí sé ag ceiliúradh breith a gharmhic sa bheár go ham dúnta.

- ⊙ Ba mhínic a bhí Billy chun deiridh ina chuid oibre ar an láthair tógála. Bhí ar Jimmy cabhrú leis chun an *gaffer* a shásamh.
- ⊙ Níor thuig Jimmy na pótairí eile a bhí sa bheár gach uile oíche. Bhí sé féin sásta lena bhean chéile álainn agus lena pháistí. Chuir siad beirt caoi ar theach a cheannaigh siad saor ón *Housing Executive*.
- ⊙ D'fhág Jimmy an beár agus isteach leis sa Jasmine Palace chun bia beir leat a cheannach.
- ⊙ Luaigh Jimmy a pháistí féin le Liz, an freastalaí sa Jasmine Palace. Bhí aiféala air ansin mar bhí Liz tréigthe ag a leannán agus iníon óg aici.
- ⊙ D'iarr roinnt déagóirí meisce airgead ar Jimmy. Thug sé mionairgead briste dóibh. Níor thaitin a gcaint ghraosta leis. D'imigh sé leis an mbia taobh istigh dá chasóg.
- ⊙ Bhí an oíche fuar nimhneach. Bhí Jimmy ag tnúth le dul abhaile go Sarah.
- ⊙ Tháinig carr suas leis gan solas. Scaoil stócach a bhí ann urchar leis. Phléasc sé cloigeann Jimmy. Fágadh ina luí ar an tsráid reoite é. Bhí a chuid fola ag meascadh lena raibh sna boscaí bia.

Cur síos gearr ar na príomhphearsana

Jimmy

- * Fear maith ba ea é. Bhí an-ghrá aige dá bhean is dá pháistí.
- * Bríceadóir ba ea é. D'oibrigh sé go dian agus chabhraigh sé lena chairde.
- * Fear deaslámhach (handy) ba ea é. Chuir sé caoi ar an seanteach.
- * Fear measartha ba ea é nár ól an iomad.
- * Bhraith sé ciontach agus é sa bheár lena chairde.
- * Duine síochánta ba ea é. Ní raibh uaidh ach filleadh ar a theach agus a bheith lena bhean agus lena pháistí.

Sarah

- * Bean óg álainn ba ea í. Bhí gruaig fhionn chatach uirthi.
- * Máthair mhaith ba ea í. Thug sí togha na haire dá páistí.
- * Duine deaslámhach ba ea í. Chuir sí caoi ar an seanteach. Níor chaith sí an iomad leis.
- * Bhí sí bródúil agus lig sí do Jimmy dul ag ól. Níor theastaigh uaithi go mbeadh daoine a rá go raibh sé faoi shlat aici.
- * Bhí sí láidir agus bheadh sí sásta tabhairt amach do Jimmy dá bhfanfadh sé amach ró-dhéanach.

Na páistí

John

- * Bhí sé ceithre bliana d'aois. Bhí sé ceandána. Níor mhaith leis dul a luí. Bhíodh an bua ag a mháthair i gcónaí.